An Bhruiséil,
EPSO.04/LA/cdb Ares (2022) s.7591913

**Ábhar: Forléargas ar shocruithe (oiriúnuithe) réasúnta is féidir a dhéanamh sna trialacha roghnúcháin**

## 1. Réamhrá

Tá EPSO tiomanta comhdheiseanna agus rochtain na n-iarrthóirí uile ar a chuid próiseas roghnúcháin a chinntiú agus déanann sé síormhonatóireacht ar a chuid próiseas tástála agus roghnúcháin uile chun na críche sin. Cuireann EPSO an deis ar fáil do na hiarrthóirí uile a chur in iúl cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon riachtanas speisialta acu mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte, a bhféadfadh socruithe (oiriúnuithe) réasúnta a bheith ag teastáil ina leith ag aon chéim de phróiseas roghnúcháin EPSO nó ag gach céim de. Cuirtear an t-eolas sin in iúl go soiléir ón tús ar shuíomh gréasáin EPSO, san fhoirm iarratais agus i ngach fógra comórtais (le haghaidh comórtais oscailte) nó i ngach glao ar léiriú spéise (le haghaidh roghnúcháin CAST).

Tá ábhair fógraíochta á fhorbairt ag EPSO chun an próiseas maidir le socruithe réasúnta a dhéanamh níos soiléire agus chun iarrthóirí a chur ar an eolas faoin dóigh le hoiriúnuithe a iarraidh sna trialacha roghnúcháin. Má tá tuilleadh eolais uait faoi bheartas EPSO maidir le comhionannas agus éagsúlacht agus faoi conas a chuireann sé na prionsabail i bhfeidhm d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais shonracha acu, féach leathanach EPSO faoi chomhdheiseanna.. Chun féachaint ar an bhfíseán faoi conas oiriúnuithe speisialta a iarraidh sna trialacha roghnúcháin, téigh chuig leathanach gréasáin EPSO atá dírithe ar an gcomhionannas. Thairis sin, tá fógrán céim ar chéim ar fáil faoin bpróiseas maidir le socruithe réasúnta, agus is féidir leagan i mBraille a fháil ach é a iarraidh.

## 2. Conas a dhéanaimid socruithe réasúnta a shainiú?

Agus socrú/socruithe réasúnta á gcur ar fáil, féachann EPSO lena chinntiú go mbeidh iarrthóirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais shonracha acu in ann a gcuid inniúlachtaí a léiriú go hiomlán agus a bheith san iomaíocht ar bhonn comhionann le hiarrthóirí eile. Is é an aidhm atá le socruithe (oiriúnuithe) réasúnta a chur ar fáil constaicí a chur as an tslí a d’fhéadfadh a bheith ann de bharr míchumas duine nó de bharr an reachta sláinte ina bhfuil sé, gan athrú a dhéanamh ar chineál nó ar leibhéal na cáilíochta atá á meas. Tá taithí ag ‘Foireann Inrochtaineachta EPSO’ ar shocruithe (oiriúnuithe) réasúnta a shainiú agus is í atá freagrach as anailís a dhéanamh ar gach iarraidh aonair ar oiriúnuithe speisialta de réir an cháis. Beart cuimsitheach is ea é ina gcuirtear na gnéithe seo a leanas san áireamh, i measc nithe eile:

- An iarraidh ar oiriúnuithe sna trialacha roghnúcháin a dhéanann iarrthóirí tríd an bhfoirm iarratais a bhaineann le riachtanais shonracha mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte;

- Tuiscint mhaith ar chineál agus ar dhéine srianta feidhmiúla an iarrthóra i gcomhthéacs an roghnúcháin;

- Doiciméid tacaíochta ó ghairmithe cáilithe agus/nó ó na húdaráis náisiúnta (e.g. deimhnithe míchumais, deimhnithe leighis, tuairiscí speisialtóireachta...);

- Saineolas EPSO maidir le socruithe réasúnta;

- Saineolas seachtrach ( i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí dul i gcomhairle le saineolaithe amhail seirbhís leighis an Choimisiúin Eorpaigh nó saineolaithe seachtracha chun an sainiú is fearr is féidir a fháil ar shocruithe. Más féidir an comhairliúchán sin a dhéanamh ní bheidh aon rian ar an gcomhairliúchán sin d'aitheantas na ndaoine a mbaineann sé leo agus ráthaítear cosaint sonraí);

- Cineál na dtrialacha agus na meán a úsáidtear (e.g. ar ríomhaire, lámhscríofa nó aiste ar ríomhaire, ó bhéal, le peann agus páipéar);

- Trialacha a oiriúnú, e.g. maolú ar na trialacha réasúnaíochta teibí d'iarrthóirí lagamhairc

- An cineál aschuir a bhfuiltear ag súil leis (e.g. freagraí ar cheistneoir ceisteanna ilrogha, aiste, ó bhéal/idirghníomhaíocht)

- Na cineálacha gníomhaíochta is gá chun na freagraí cearta a chur in iúl (e.g. cliceáil, clóscríobh, lámhscríobh, labhairt, idirghníomhú)

- Aon eolas ábhartha eile

## 3. Forléargas ar na socruithe is féidir a dhéanamh i dtrialacha roghnúcháin EPSO

Sa doiciméad seo tá cur síos ar roinnt socruithe is féidir le hiarrthóirí a iarraidh le linn na dtrialacha roghnúcháin. Ba iad EPSO agus conraitheoir EPSO a chruthaigh é (Prometric faoi láthair) agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir na bhforbairtí i réimse na socruithe réasúnta, iarrataí nua ar oiriúnuithe speisialta agus na socruithe nua a dheonaítear.

I gcás gach cineál socraithe, beidh an méid seo a leanas ar fáil:

- Cur síos ar an socrú ('cad é féin?' sa ghluais thíos);

- Céim an phróisis roghnúcháin inar féidir an socrú seo a dheonú ('cathain?' sa ghluais thíos);

- Na hionaid trialacha nó an t-ardán feitheoireachta cianda mar a bhféadfar an socrú sin a dheonú, bíodh siad san Aontas Eorpach nó áit eile ar domhan ('cén áit' sa ghluais thíos);

- Cé air a bhfuil sé de chúram an socrú a chur ar fáil ('cé atá i gceist' sa ghluais thíos).

## *a) Eolas tábhachtach*

- Is san Aontas Eorpach nó in áiteanna eile ar domhan a dhéantar trialacha ar ríomhaire (CBT), in ionaid trialacha an chonraitheora nó tríd an bhfeitheoireacht chianda. Cuirfidh an conraitheoir i bhfeidhm an socrú (na socruithe) arna shainiú ag foireann inrochtana EPSO de réir threoracha EPSO agus de réir trealamh atá ar fáil;

- Is trí Cammio a dhéantar trialacha an ionaid measúnaithe go cianda, ach is féidir iad a dhéanamh go fisiceach más gá;

- Is iad foireann EPSO agus baill den bhord roghnúcháin a chuirfidh an socrú/na socruithe i bhfeidhm;

- Ní gluais uileghabhálach í gluais na socruithe agus is féidir socruithe eile ar bhonn riachtanais shonracha an iarrthóra, a iarraidh. Déantar anailís ar gach iarraidh de réir an cháis;

- **Is féidir le hiarrthóirí a dtrealamh TF féin a úsáid agus iad ag déanamh trialacha ar ríomhaire go cianda (e.g. luchóg ingearach, méarchlár VIG, luchóg ar chlé, formhéadaitheoir scáileáin, monatóir níos mó etc.);**

- Tá na hionaid trialacha uile oiriúnach do chathaoireacha rothaí;

- Beidh socrú/socruithe agus trealamh TF ag brath ar infhaighteacht sna hionaid trialacha atá faoi bhainistiú an chonraitheora nó in áitreabh ainmnithe de chuid EPSO. Ní bhíonn gach ní ar fáil i ngach áit, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé gur ghá nithe a sheoladh. Chun a chinntiú go ndéanfar sin in am trátha, moltar d'iarrthóirí a n-iarrataí a dhéanamh a luaithe is féidir;

- Is gluais tháscach í seo a léiríonn socruithe agus feidhmiúlachtaí threalamh TF a d'fhéadfadh a bheith ann agus ní gluais chonarthach í. Déanfaidh EPSO a dhícheall na socruithe réasúnta is gá a chur ar fáil d'iarrthóirí;

- Ní fhéadann EPSO aon socruithe de 'chineál pearsanta nó fisiceach' a dhéanamh (e.g. tógáil nó beathú);

- Féadfar socrú/socruithe deiridh a dheonú a bheidh beagán éagsúil ón gcéad iarraidh a rinne an t-iarrthóir, i bhfianaise an líon tosca atá le cur san áireamh sa sainiú ar an socrú/na socruithe réasúnta aonair iarbhír. Is ar mhaithe le comhionannas agus cothroime na n-iarrthóirí uile agus i gcomhréir leis na dea-chleachtais idirnáisiúnta sa réimse a dhéantar é sin freisin;

- Ní hé sin le rá go mbeidh socruithe carnacha mar thoradh ar roinnt riochtaí sláinte.

- Cinnteoimid go gcoinneofar na sonraí a bhaineann leis an míchumas nó leis an riocht sláinte atá ort faoi rún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair, 2018.

## *b) Gluais na socruithe is féidir a dhéanamh*

Am sceidealúcháin agus ionaid

### Am breise

Cad é féin? Cuirtear síneadh de chéatadán éigin d'am breise leis an am a leagtar síos le haghaidh na trialach (e.g. 25%, 33%; 50%, 75%, 100% nó 120%). Mar shampla, iarrthóir ar tugadh 50% d'am breise dó le haghaidh triail 10 nóiméad, beidh 15 nóiméad aige chun an triail a dhéanamh in áit 10 nóiméad.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

### Sosanna sínithe

Cad é féin? Is féidir go dtabharfar sosanna níos faide d'iarrthóirí ná mar a bhí beartaithe ar dtús. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i gcás iarrthóirí atá ag iompar nó a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu, mar shampla.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

### Sosanna solúbtha

Cad é féin? Is féidir go dtabharfar sosanna solúbtha d'iarrthóirí le linn an tseisiúin trialacha chun deis a thabhairt dóibh a scíth a ligean má bhíonn gá leis mar gheall ar a riocht sláinte. Beidh na sosanna sin sa bhreis ar na sosanna atá ceadaithe sa triail cheana.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Deasc oibre ar leithligh

Cad é féin? Má bhíonn gá leis mar gheall ar riocht sláinte an iarrthóra, mar shampla, daoine a bhfuil neamhoird easnaimh airde orthu, is féidir iad a chur i gcoirnéal níos scartha sa seomra trialacha chun cabhrú leo aird a thabhairt. Beidh sé seo ag brath ar infhaighteacht agus ar mhéid an ionaid trialacha.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Athsceidealú

Cad é féin? Le linn toirchis nó sa tréimhse thart ar am breithe, is féidir le hiarrthóirí dáta eile a iarraidh le haghaidh na trialach. I roinnt cásanna an-sonrach ina bhfuil riochtaí sláinte sealadacha i gceist (e.g. tionóiscí tromchúiseacha, cóireálacha ailse, ospidéaluithe) déanfaidh EPSO a mhachnamh freisin faoi an féidir athsceidealú a dhéanamh.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cé atá i gceist? EPSO.

## Seomra ar leithligh

Cad é féin? Iarrthóirí a dteastaíonn uathu a scíth a ligean nó leanbh a chothú mar shampla, is féidir leo seomra ar leithligh a iarraidh. Bíonn na spásanna príobháideacha ag brath ar infhaighteacht, agus d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí taisteal chuig ionad trialacha nárbh é a gcéadrogha é, agus níl aon chinnteacht ann go mbeidh siad ar fáil i ngach ionad trialacha. De rogha air sin, d'fhéadfaí sosanna leordhóthanacha a thabhairt d'iarrthóirí nó cead a thabhairt dóibh an t-ionad trialacha a fhágáil ar feadh tréimhse ama shonraithe mura mbeadh seomra príobháideach ar fáil i ngach áit (i gcás iarrthóirí a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu, mar shampla).

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Teastaíonn réamhdheimhniú le haghaidh gach ionad trialacha.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Cúnamh pearsanta le haghaidh iarrthóirí a bhfuil laige radhairc agus laige éisteachta orthu mar aon le hiarrthóirí atá néara-éagsúil[1]

### Prócadóir cúnta

Cad é féin? Cúntóir pearsanta a dhéanann maoirseacht ar thástáil iarrthóra agus a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí ama.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? EPSO agus comhoibrithe iontaofa.

### Léitheoir cúnta

Cad é féin? Cúntóir pearsanta a léann na ceisteanna os ard don iarrthóir le linn fhad uile na dtrialacha agus a fhanann in éineacht leis an iarrthóir más gá.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? EPSO agus comhoibrithe iontaofa.

### Taifeadóir cúnta

Cad é féin? Cúntóir pearsanta a chabhraíonn leis an iarrthóir a chuid freagraí a thaifeadadh.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? EPSO agus comhoibrithe iontaofa.

[1] Tabhair do d'aire nach féidir 'procadóir cúnta', 'léitheoir cúnta' agus/nó 'taifeadóir cúnta' a chur ar fáil ach amháin nuair is EPSO atá ag óstáil na tástála.

## Formáid agus leagan amach na dtrialacha

### Asphriontálacha as Braille

Cad é féin? Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil laige radhairc thromchúiseach orthu, leagan priontáilte de na trialacha a iarraidh i mBraille. I dteannta an tsocraithe sin, cabhróidh cúntóirí pearsanta leo ('léitheoir cúnta' féach thuas).

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? EPSO agus comhoibrithe iontaofa.

### Trialacha atá oiriúnach do dhaoine atá dathdhall

Cad é féin? Is féidir le hiarrthóirí atá dathdhall trialacha gan dath a iarraidh. Déanfaidh siad na trialacha le peann agus pár a bhfuil na dathanna ar fad bainte de gan difear a dhéanamh do cháilíocht na tástála.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

### Trialacha ina bhfuil an cló méadaithe

Cad é féin? Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil laige radhairc orthu mar shampla, formáid mhéadaithe de na trialacha a iarraidh agus iad ag obair ar pháipéar. Mar shampla, in áit formáid A4 a bheith aige d’fhéadfadh iarrthóir asphriontálacha A3 a fháil.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Codarsnacht mhéadaithe

Cad é féin? Is féidir athruithe a dhéanamh ar mhéid, ar chodarsnacht, ar ghile, ar fhad an scáileáin ón iarrthóir agus ar a shuíomh de réir mar a iarrfaidh an t-iarrthóir é roimh thús na dtrialacha. Is féidir dath na litreacha agus nó dath an chúlra a athrú agus a mhéadú le haghaidh iarrthóirí a bhfuil fadhb shonrach súl orthu. Tá Videomatic Lux (feiste zúmála/codarsnachta) ar fáil in áitreabh EPSO.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Breacadh nótaí

Cad é féin? I gcásanna áirithe amhail i gcás neamhoird foghlama mar shampla, d'fhéadfaí ligean d'iarrthóirí nótaí a bhreacadh síos le linn na dtrialacha. De ghnáth cuirtear boird inghlanta nó páipéar breactha nótaí ar fáil d'iarrthóirí. Is é an t-ionad trialacha a shocróidh é sin agus d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó ionad go hionad.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Trialacha ar pháipéar

Cad é féin? Is féidir le hiarrthóirí triail a dhéanamh i bhformáid pháipéir seachas ar ríomhaire.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha nó ionaid de chuid an Aontais Eorpaigh arna gcinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh, toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

Trealamh[2]

## Soilsiú oiriúnaithe

Cad é féin? Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil soilsiú breise ag teastáil uathu lampa deisce a iarraidh. Is lampa deisce 230v é a bhfuil 3 sholas LED ann (neasmhéid an lampa: 55cm (ar airde) x 15cm (bonn). Nuair is féidir é, cuirfear daoine a chuireann solas an lae isteach orthu chomh fada ar shiúl ó na fuinneoga agus is féidir.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In áitreabh EPSO agus in ionaid trialacha uile an Aontais Eorpaigh. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir le haghaidh lampaí deisce.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Monatóirí méadaithe

Cad é féin? Bíonn na monatóirí caighdeánacha sna hionaid trialacha 23".

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach agus in áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Troscán deisce eirgeanamaíoch

Cad é féin? Bíonn cathaoireacha eirgeanamaíocha ar fáil do na hiarrthóirí uile agus is féidir iad a shocrú de réir a riachtanas. Bíonn deasca ar féidir a n-airde a athrú ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí mar shampla.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Mar réamhshocrú, bíonn cathaoireacha eirgeanamaíocha ar fáil i ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan. Teastaíonn réamhdheimhniú le conraitheoir le haghaidh deasca ar féidir a n-airde a athrú. In áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

[2] Tabhair do d'aire nach féidir le EPSO a ráthú go gcuirfidh ár gconraitheoirí seachtracha an trealamh uile a liostaítear thíos ar fáil i gcónaí. Agus iarrthóirí á dtástáil go cianda, féadfaidh siad a saintrealamh féin a úsáid. Le seiceáil ullmhachta córais agus scrúdú bréige sna laethanta roimh an scrúdú, cinnfear comhoiriúnacht an trealaimh ríomhaire, amhail méarchláir agus luchóga. I gcás amhrais, féadfaidh iarrthóirí dul i dteagmháil le foireann inrochtana EPSO.

## Luchóg optúil eirgeanamaíoch

Cad é féin? Spreagann an luch eirgeanamaíoch suíomhanna neodracha sláintiúla ‘croitheadh láimhe’ i gcaol na láimhe agus sna lámha i dtaca le bogadh níos rianúla agus chun an strus foriomlán a laghdú.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? EPSO.

## Eochracha méarchláir VIG

Cad é féin? Méarchlár láidir caighdeánach ar a bhfuil íomhánna an-mhór agus soiléir ar na heochracha lena ndéantar oiriúnach é do dhaoine a bhfuil laige radhairc orthu. Is méarchlár dubh é ar a bhfuil litreacha bána.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist? EPSO.

## Áireamhán mór do-ríomhchláraithe

Cad é féin? Áireamhán atá 20cm x 30cm nó mar sin. D’fhéadfadh iarrthóirí a bhfuil laige radhairc orthu é sin a iarraidh, mar shampla.

Cathain? Le linn gach céim tástála lena bhfuil ríomh i gceist.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Luchóg chiotóige

Cad é féin? Luchóg a chuireann ar chumas iarrthóirí ciotógacha an triail a dhéanamh ar a gcompord.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Méadaitheoir scáileán

Cad é féin? Trealamh ar a bhfuil scáileáin mhéadaithe agus scagairí a mhéadaíonn na híomhánna faoi bhreis agus a dó chun féachaint a éascú agus chun an tuirse súl agus an traochadh a laghdú. Tá Videomatic Lux (feiste zúmála/codarsnachta) ar fáil in áitreabh EPSO.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Stopuaireadóir (amadóir láimhe)

Cad é féin? An scrúdú a amú de láimh. Is clog láimhe é seo a dhéanann an tréimhse ama idir a ghníomhaíochtú agus a dhíghníomhachtú a thomhas.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

## Luchóg rialúcháin

Cad é féin? Rianliathróid mhór mhéire a bhfuil rialú an-mhaith ag baint leis agus a laghdaíonn an bogadh atá le déanamh ag an lámh agus ag caol na láimhe. Oiriúnach d'iarrthóirí a bhfuil fadhbanna sláinte acu a bhfuil tionchar acu ar shoghluaisteacht na lámh (amhail airtríteas, siondróm na conaire carpasaí) nó iarrthóirí ar úsáideoirí cathaoir rothaí leictreacha iad nach bhfuil in ann a gcuid méar a bhogadh.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir.

Cé atá i gceist? An conraitheoir amháin.

## Luchóg ingearach

Cad é féin? Fágann an luchóg seo go gcuirtear an lámh agus caol na láimhe i suíomh nádúrtha compordach. Bíonn an 'luchóg ingearach Evoluent 2' agus an 'luchóg optúil eirgeanamaíoch 3 chnaipe AHAA' araon ar fáil in áitreabh EPSO.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? I ngach ionad trialacha san Aontas Eorpach. I gcás na n-ionad lasmuigh den Aontas Eorpach, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh).

Cé atá i gceist? An conraitheoir agus EPSO.

Bogearraí

### Téacs zúmála

Cad é féin? Gné sofaisticiúil de bhogearra formhéadaithe scáileáin, lena ndéantar an t-íomhá/an téacs a fhormhéadú agus a fheabhsú ar scáileán an ríomhaire, rud a fhágann go mbeidh sé níos fusa an ríomhaire a fheiceáil agus a úsáid.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? An conraitheoir amháin.

Nithe pearsanta

### Áiseanna cumarsáide

Cad é féin? Áis éisteachta/ionchlannán cochla. Méadaitheoirí Corda Gutha.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

### Bia agus deochanna

Cad é féin? Cead nithe pearsanta a thabhairt isteach sa seomra trialacha chun críoch míochaine, amhail diaibéiteas.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

### Feiste leighis atá ceangailte le corp duine

Cad é féin? Spreagthóir corda dromlaigh. Cataitéar. Mála colastóime. Mála draenála lamhnáin. Umar ocsaigine. Pumpa insline. Feistí TENS. Monatóir ráta croí. Monatóir glúcóis leanúnaigh.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

## Cógas agus feistí leighis

Cad é féin? Plugaí cluaise (déanta as cúr, gan téada): Is gnách go gcuireann an conraitheoir iad sin ar fáil d'iarrthóirí sna hionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile in áiteanna eile ar domhan.

Bindealáin. Teanntáin - Le haghaidh muiníl, droma, coise, nó rúitín. Losainní casachta (ní mór an clúdach a bheith bainte díobh agus ní féidir iad a bheith i mbuidéal/ i gcoimeádán).

Braonta súl. Paiste súl. Spéaclaí (gan an cás). Gloine formhéadúcháin láimhe (neamhleictreach, gan chás).

Bráisléad foláirimh leighis. Cásálacha/ Coiléar Taca. Guailleán. Cásálacha buataisí siúil. Piollairí (ní mór an clúdach a bheith bainte díobh agus ní féidir iad a bheith i mbuidéal/ i gcoimeádán).

Is féidir le hiarrthóirí piollairí atá fós sa phacáiste a thabhairt leo má tá sé sonraithe ar an bpacáiste gur GÁ iad a fhágáil sa phacáiste, amhail piollairí nítriglicrín nach féidir a nochtadh san aer. (Déanfaidh Riarthóir an Ionaid Trialacha cigireacht ar an bpacáistiú agus cuirfear isteach Tuairisc faoi Fhadhb san Ionad).

Maisc mháinliachta. Maisc leighis. Lámhainní leighis rubair. Pacaí oighir.

Pillín téimh neamhleictreach. Monatóir glúcóis. Táibléid ghlúcóis. Epi-Pen.

Análóir.

Piliúr/taca lumbach.

Stól ar féidir géag a leagan air.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan. Suíomh arna chinneadh ag EPSO (amhail áitreabh EPSO nó foirgnimh oifigiúla amhail Ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh) agus nuair a dhéantar an tástáil tríd an bhfeitheoireacht chianda.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

## Feistí soghluaisteachta

Cad é féin? Cána, croisíní, cathaoir rothaí, siúladán, etc.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan, agus le linn trialacha a ndéanfar feitheoireacht chianda orthu.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

### Madra freastail

Cad é féin? Is féidir le duine madra freastail oifigiúil a bheith ina thionlacan aige chuig seomra trialacha.

Cathain? Le linn gach céim den triail.

Cén áit? In ionaid trialacha san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan.

Cé atá i gceist? Iarrthóir.

## 4. Tuilleadh eolais

Ba cheart aon cheist a bhaineann le d'iarraidh ar oiriúnuithe speisialta agus leis na socruithe réasúnta is féidir a fháil, a chur chuig EPSO ACCESSIBILITY team.